



An Rialálaí  
Carthanas  
Charities  
Regulator

# Treoir do Charthanasais maidir le Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chosc



**Séanadh Dlíthiúil:**

Tá an doiciméad seo á eisiúint ag an Rialálaí Carthanas faoi alt 14(1)(i) den Acht Carthanas 2009 ar mhaithe le feabhas ar riaradh agus bainistiú eagraíochtaí carthanúla a spreagadh agus a éascú.

Níl an doiciméad seo ina ráiteas críochnúil, agus níl sé deartha chun a bheith ina ráiteas críochnúil, ar an dlí. Ni thugtar aon chomhairle dlí ann ach oiread. Níor cheart an doiciméad seo a úsáid in ionad comhairle ghairmiúil ó fhoinsé atá cáilithe go cuí. Molann an Rialálaí Carthanas d'iontaobhaithe carthanais a ndoiciméad rialaithe a léamh nó a gcomhairle dlí neamhspleách féin a fháil nuair is gá. Ni ghlacann an Rialálaí Carthanas le freagracht ná dliteanas ar bith as aon earráidí, mhíchruinneas nó easnaimh sa doiciméad seo.

# Clár Ábhar

<b>1.</b>	<b>Réamhrá</b>	<b>4</b>
1.1	Eolas faoin Treoir do Charthanais maidir le Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chosc	4
1.2	Cad atá sa Treoir do Charthanais maidir le Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chosc?	4
1.3	Cé ar a bhfuil an Treoir dírithe?	4
1.4	Conas ba cheart duit an Treoir a úsáid?	4
<b>2</b>	<b>Eolas faoi Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chosc</b>	<b>5</b>
2.1	Cad is sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta ann?	5
2.2	Cad atá cearr le Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta?	5
2.3	Cé na bearta a rinneadh chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac?	5
2.4	Cad is cion an Sciúrtha Airgid ann?	5
2.5	Cad is cion an Mhainithe Sceimhlitheoireachta ann?	6
<b>3</b>	<b>Carthanais agus a neamhchosaint ar Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta</b>	<b>7</b>
3.1	Cén fáth a bhfuil sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta ábhartha do charthanais?	7
3.2	Maidir le bearta chun sciúradh airgid/maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, an mbaineann aon cheann díobh go díreach le carthanais?	7
<b>4</b>	<b>Conas is féidir le carthanais iad féin a chosaint?</b>	<b>9</b>
4.1	Cad ba cheart do charthanais a dhéanamh chun cabhrú lena chinntiú nach n-úsáidfear iad chun críocha sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta?	9
4.2	Cé na bearta ba cheart do charthanais a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis an riosca go n-úsáidfear é chun críocha sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta?	9
4.3	Cad ba cheart do charthanais a dhéanamh i gcás go mbeidh drochamhras air go bhfuil sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta ar siúl?	10
<b>5</b>	<b>Cé na táscairí ar Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta?</b>	<b>11</b>
5.1	Cé na cineálacha idirbheart a d'fhéadfadh a thabhairt le fios go bhfuil sciúradh airgid ar siúl?	11
5.2	Cé na cineálacha idirbheart a d'fhéadfadh a thabhairt le fios go bhfuil maoiniú sceimhlitheoireachta ar siúl?	11
<b>6</b>	<b>An gá do charthanais aon rud eile a dhéanamh d'fhonn sciúradh airgid agus/nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac?</b>	<b>13</b>
<b>7</b>	<b>Cén áit ar féidir liom teacht ar thuilleadh faisnéise do charthanais maidir le rioscaí sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta?</b>	<b>14</b>

# 1

## Réamhrá

### 1.1 Eolas faoin Treoir do Charthanais maidir le Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chosc

Tá an Rialálaí Carthanais ag súil leis go mbeidh córais agus próisis chuí i bhfeidhm ag iontaobhaithe carthanais chun caillteanas cistí carthanais a chosc. Ba cheart na córais agus na próisis sin a bheith ceaptha chun calaois agus earráid a chosc agus/nó a bhrath. Ba cheart d'iontaobhaithe carthanais breithniú a dhéanamh freisin, áfach, ar an bhféidearthacht go gcaillfi airgead trí ghníomhaíochtaí maoiniú sceimhlitheoireachta nó sciúradh airgid. Is é atá i gceist leis sin córais agus próisis a chur i bhfeidhm chun a chinntiú nach n-úsáidfear an carthanais chun airgead a sciúradh nó chun gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta a mhaoiniú.

### 1.2 Cad atá sa Treoir do Charthanais maidir le Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chosc?

Sa Treoir do Charthanais maidir le Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chosc:

- > minítear cad is sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta ann;
- > tugtar breac-chuntas ar chionta coiriúla an sciúrtha airgid agus an mhaoinithe sceimhlitheoireachta;
- > cuirtear síos ar na bearta nach mór do “dhaoine ainmnithe” – amhail bainc, gnólachtaí infheistíochta agus institiúidí airgeadais eile – a dhéanamh chun cabhrú le cásanna sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a shainaitheint;
- > cuirtear síos ar an dóigh a bhféadfaí carthanais a úsáid chun críocha sciúradh airgid agus/nó maoiniú sceimhlitheoireachta; agus

- > minítear roinnt de na bearta is féidir le carthanais a dhéanamh chun laghdú a dhéanamh ar an riosca go n-úsáidfear iad chun na gcríoch sin.

Sa doiciméad seo, gairtear an ‘Treoir’ den Treoir seo do Charthanais maidir le Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chosc.

### 1.3 Cé ar a bhfuil an Treoir dírithe?

Tá an Treoir ábhartha do gach carthanais a oibríonn in Éirinn. Tá sí dírithe ar iontaobhaithe carthanais agus ar dhaoine tábhachtacha laistigh den charthanais, lena n-áirítear an lucht ardbhainistíochta, fostaithe agus oibríthe deonacha. Is féidir leis na daoine seo a leanas teacht faoin téarma “iontaobhai carthanais”:

- > comhaltaí coiste;
- > comhaltaí comhairle;
- > comhaltaí boird; nó
- > stiúrthóirí de chuid carthanais.

### 1.4 Conas ba cheart duit an Treoir a úsáid?

Ba cheart duit an Treoir a léamh agus eolas a chur ar choincheapa an sciúrtha airgid agus an mhaoinithe sceimhlitheoireachta agus ar an dóigh a mbaineann siad le carthanais. Ní mór duit an Treoir a chomhlíonadh ansin trína chinneadh cé na gníomhartha a dhéanfaidh tú chun a chinntiú nach n-úsáidfear do charthanais chun críocha sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta. Tá an Rialálaí Carthanais ag súil leis go mbeidh iontaobhaithe carthanais in ann a gníomhartha a mhíniú i gcás go mbeidh aon imeacht ann ón deachleachtas atá leagtha amach sa Treoir seo agus go mbeidh siad in ann údar a thabhairt le haon imeacht den sórt sin.

# 2

## Eolas faoi Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chosc

### 2.1 Cad is sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta ann?

I dtéarmaí leathana, is é is sciúradh airgid ann ná an próiseas trína gceiltar bunús neamhdhleathach na bhfáltas a fhaightear as an gcoireacht.

Is é is maoiniú sceimhlitheoireachta ann ná cistí a sholáthar, a bhailiú nó a fháil i gcás go mbeidh sé beartaithe na cistí sin a úsáid chun tacú le gníomh sceimhlitheoireachta nó chun gníomh sceimhlitheoireachta a dhéanamh nó i gcás go mbeifear ar an eolas go n-úsáidfear na cistí chun na gcricoch sin.

I gcás sciúradh airgid, is as foinsí nó gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a thagann na cistí i gcónaí. I gcás maoiniú sceimhlitheoireachta, áfach, is as foinsí dleathacha agus neamhdhleathacha araon a thagann siad.

### 2.2 Cad atá cearr le Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta?

Cumasaíonn sciúradh airgid do choirpigh tairbhe a bhaint as an gcoireacht agus, dá bhrí sin, dreasaíonn sé daoine áirithe coireanna a dhéanamh agus cabhraíonn sé leis an gcoireacht a mhaoiniú. Is é atá i gceist le sceimhlitheoireacht ná foréigean d'aon toisc a dhéanamh nó a bhagairt chun críocha polaitíochta. Is gnách gur in aghaidh sibhialtach a dhéantar nó a bhagraítear an foréigean sin. Cabhraíonn maoiniú sceimhlitheoireachta le sceimhlitheoirí baill a earcú agus foréigean den sórt sin a mhaoiniú ar shlí eile. Gabhann bagairtí tromchúiseacha don tsochaí le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta araon, lena n-áirítear beathaí agus maoin a chur i mbaol, ioncam cánach a chailleadh agus gníomhaíocht choiriúil eile a chothú. Maidir le carthanais a úsáidtear chun críocha sciúradh airgid agus/nó maoiniú sceimhlitheoireachta, d'fhéadfadh go bhfulaingeodh siad cailteanas suntasach cistí carthanúla, sócmhainní carthanúla nó maoin eile. D'fhéadfadh go ndéanfaí damáiste don cháil atá orthu agus d'iontaoibh agus muinín an phobail as an earnáil carthanais i gcoitinne freisin.

### 2.3 Cé na bearta a rinneadh chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac?

Déantar sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a choiriúil go leathan. Ina theannta sin, ceanglaítear ar chineálacha áirithe eintiteas bearta sonraithe chun sciúradh airgid/maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac a chur i bhfeidhm chun cabhrú le sciúradh airgid agus/nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a bhrath. Faoi dhlí na hÉireann, gairtear “daoine ainmnithe” de na cineálacha eintiteas sin. Áirítear leo bainc, árachóirí, gnólachtaí infheistíochta, cistí agus bainisteoirí ciste, eintitis atá ag gabháil do gníomhaíochtaí airgeadais áirithe (amhail iasachtú), dlíodóirí agus cuntasóirí. Cé nach dóigh go mbeidh carthanais ina dhuine ainmnithe chun críocha an chomhraic in aghaidh sciúradh airgid/maoiniú sceimhlitheoireachta, d'fhéadfadh sé a bheith faoi réir bearta chun sciúradh airgid/maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac agus é i dteagmháil le duine ainmnithe.

### 2.4 Cad is cion an Sciúrtha Airgid ann?

Is é atá i gceist le sciúradh airgid ná maoin a shaothraítear go díreach nó go hindíreach as “iompar coiriúil” a thiontú d'aon toisc nó go meargánta ionas go mbeidh sé deacair bunús coiriúil na maoin a rianú. Tá sciúradh airgid ina chion coiriúil tromchúiseach faoi alt 7 den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010, agus féadfar téarma uasta príosúnachta 14 bliana agus/nó fineáil ar fiú méid neamhthéoranta í a chur ina leith.

Áirítear le hiompar coiriúil iompar arb ionann é agus cion faoi dhlí na hÉireann. Áirítear leis freisin iompar a tharlaíonn in áiteanna lasmuigh d'Éirinn i gcás:

- > gur cion é an t-iompar sin san áit inar tharla sé agus gur chion é faoi dhlí na hÉireann dá dtarlódh sé in Éirinn;
- > gurbh éilliú é an t-iompar sin nó gur mhangaireacht tionchair é chun críche an Achta um Cheartas Coiriúil (Cionta Éillithe), 2018, dá dtarlódh sé in Éirinn agus gur oifigeach eachtrach é/í an duine nó an t-oifigeach a rinne an gníomh nó an neamhghníomh.

## 2.5 Cad is cion an Mhaoinithe Sceimhlitheoireachta ann?

---

Is é atá i gceist le cion an mhaoinithe sceimhlitheoireachta ná cistí a sholáthar, a bhailiú nó a fháil i gcás go mbeidh sé beartaithe na cistí sin a úsáid chun gníomh sceimhlitheoireachta a dhéanamh nó chun aon gníomh a dhéanamh a bhfuil mar aidhm leis bás nó díobháil choirp thromchúiseach a thabhairt.

Tá maoiniú sceimhlitheoireachta ina chion faoi alt 13 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005, agus féadfar téarma uasta príosúnachta 20 bliain agus/nó fíneáil ar fiú méid neamhtheoranta í a chur ina leith.

# 3

## Carthanais agus a neamhchosaint ar Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta

### 3.1 Cén fáth a bhfuil sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta ábhartha do charthanais?

D'fhéadfadh go n-úsáidfí carthanais chun críocha sciúradh airgid agus/nó maoiniú sceimhlitheoireachta. Mar shampla:

- > d'fhéadfadh go siothlódh eagraíochtaí coiriúla nó sceimhlitheoireachta isteach i gcarthanas agus go n-úsáidfeadh siad an carthanas chun fáiltas ó ghníomhaíocht choiriúil a aistriú;
- > d'fhéadfaí cistí a chruinníonn carthanas chun críocha carthanúla a atreorú ar shiúl ón gcarthanas agus a úsáid chun críocha coiriúla agus sceimhlitheoireachta;
- > d'fhéadfadh go ndéanadh daoine aonair laistigh de charthanas, nó duine aonair atá ag cur i gcéill go bhfuil baint aige/aici le carthanas, an carthanas a úsáid chun cistí a chruinniú ar mhaithe le cúis sceimhlitheoireachta;
- > d'fhéadfadh go ndéanadh faighteoirí sintiús carthanúil na sintiús sin a mhí-úsáid chun críocha sceimhlitheoireachta.

Cé go meastar, tríd is tríd, gur sa raon idir riosca meánach agus riosca íseal atá an riosca go dtiocfaidh sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta chun cinn san earnáil eagraíochtaí neamhbhrabúsacha, d'fhéadfadh go mbeadh carthanais áirithe neamhchosanta ar rioscaí níos airde, go háirithe iad sin a oibríonn ar bhonn idirnáisiúnta i réigiúin ghéarchéime. Ina theannta sin, is mó seans go n-úsáidfeadh carthanas chun críocha sciúradh airgid agus/nó maoiniú sceimhlitheoireachta i gcás go mbeidh lagrialuithe airgeadais, díchill chuí nó faireacháin i bhfeidhm aige.

Is leor cás cruthaithe amháin chun muinín an phobail as an gcarthanas lena mbaineann agus as an earnáil ar fad a chreimeadh. D'fhéadfadh go gcuirfeadh bainc moill ar idirbhearta carthanais, go ndiúlódh siad d'idirbhearta carthanais nó go ndúnfadh siad cuntais charthanais de bharr ábhair imní faoi rioscaí sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta freisin.

### 3.2 Maidir le bearta chun sciúradh airgid/maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, an mbaineann aon cheann díobh go díreach le carthanais?

Tá an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais ina chomhlacht idirnáisiúnta a bunaíodh chun bearta a fhorbairt ar mhaithe le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac. Ag teacht sna sála ar na hionsaithe sceimhlitheoireachta ar 9/11, cheap an Tascfhórsa Moladh 8 maidir le dlíthe a bhaineann le hEagraíochtaí Neamhbhrabúsacha, lena n-áirítear daoine dlítheanacha, eagraíochtaí nó comhshocraíochtaí a ghabhann go príomha do chistí a chruinniú nó a íoc amach chun críocha carthanúla.

Is é an príomhchuspóir atá le Moladh 8 ná eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a chosaint ar a mí-úsáid chun críocha sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta. Is cuid ríthábhachtach den chomhrac domhanda in aghaidh na sceimhlitheoireachta é sin. Is gá déanamh amhlaidh chun ionracas eagraíochtaí neamhbhrabúsacha agus an phobail sintiúsóirí a chaomhnú freisin. Maidir leis sin, táthar ag súil leis go nglacfaidh tíortha cur chuige lena gcomhcheanglaítear gach ceann de na gnéithe seo a leanas:

- > for-rochtain mharthanach maidir le saincheisteanna maoiniú sceimhlitheoireachta;
- > maoirseacht nó faireachán spriocdhrithe rioscabhunaithe a dhéanamh ar eagraíochtaí neamhbhrabúsacha;
- > faisnéis a bhailiú agus a imscrúdú go héifeachtach; agus
- > cumas éifeachtach a bheith i bhfeidhm chun freagairt d'iarraitaí idirnáisiúnta ar fhaisnéis faoi eagraíocht neamhbhrabúsach ar ábhar imní í.

Tugtar in dhá dhoiciméad thábhachtacha treoir maidir leis an dóigh, dar leis an Tascfhórsa, ar cheart do rialtais Moladh 8 a chur chun feidhme. Leagtar amach sa Nóta Léiritheach (atá ar fáil [anseo](#)) na cuspóirí agus na prionsabail lena mbaineann agus na cineálacha beart ba cheart do thíortha a dhéanamh chun Moladh 8 a chomhlíonadh. Tugtar sa Pháipéar Dea-Chleachtas (atá ar fáil [anseo](#)) mionsonraí faoin dóigh ar cheart do rialtais Moladh 8 a chur chun feidhme.



## 4

# Conas is féidir le carthanais iad féin a chosaint?

## 4.1 Cad ba cheart do charthanais a dhéanamh chun cabhrú lena chinntiú nach n-úsáidfear iad chun críocha sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta?

Is ag brath ar phróifil an charthanais lena mbaineann a bheidh an riosca go n-úsáidfear é chun críocha sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta. Ní mór d'iontaobhaithe carthanais measúnú a dhéanamh ar chineál na rioscaí atá roimh an gcarthanais, an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu agus an dóchúlacht go dtarlóidh siad. Is dóigh go mbainfidh na tosca seo a leanas le hábhar agus próifil riosca an charthanais á cinneadh:

- > An bhfuil eolas agat ar an gcúlra agus na cleamhnachtaí atá ag do chuid iontaobhaithe, fostaithe, cruinnitheoirí airgid agus oibríthe deonacha agus ag daoine eile a oibríonn thar do cheann nó a n-oibríonn tú go dlúth leo?
- > An bhfuil cineál éigin rialuithe cuí inmheánacha airgeadais i bhfeidhm agat chun a chinntiú go dtugtar cuntas iomlán i do chistí uile agus go gcaitear iad ar bhealach atá ag teacht le cuspóir an charthanais?
- > An bhfuil sé amhlaidh go gcoimeádann tú taifid chuí airgeadais ar na cistí uile a fhaightear agus a úsáidtear agus go gcoimeádann tú rianta iniúchta ar na cinntí a dhéantar?
- > An bhfuil sé amhlaidh go n-úsáideann tú modhanna príomhshrutha airgeadais, amhail cuntais bhainc, a mhéid is féidir le réasún agus idirbhearta airgeadais a ndéanamh agat?
- > An bhfuil sé amhlaidh go bhfaigheann tú sintiúis ó chuideachtaí caocha<sup>1</sup> nó ó shintiúsóirí i ndlínsí ardriosca? Má tá, an ndéanann tú dícheall cuí ar na sintiúsóirí lena mbaineann?
- > An bhfuil sé amhlaidh go ndéanann do charthanais dícheall cuí ar mhórshintiúsóirí agus go ndéanann sé bearta chun a n-aitheantas a fhíorú?
- > An bhfuil sé amhlaidh go n-oibríonn do charthanais ar bhonn náisiúnta amháin? Mura bhfuil, an bhfuil sé amhlaidh go n-oibríonn sé i dtíortha ar tíortha ardriosca iad<sup>2</sup> ó thaobh sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta de?
- > An bhfuil sé amhlaidh go ndearna tú bearta réasúnacha cuí chun a fhíorú gur daoine dílse iad do chuid tairbhíthe, sintiúsóirí agus comhpháirtithe, chun a fhíorú nach sceimhlitheoirí ainmnithe iad agus chun a fhíorú nach ábhair do smachtbhannaí airgeadais iad?
- > An bhfuil sé amhlaidh go mbraitheann an carthanais ar thríú páirtithe le linn dó a chuid gníomhaíochtaí a chur i gcrích? Má tá, cá mhéad tionchair nó rialaithe a fheidhmíonn an carthanais ar na tríú páirtithe sin? Mar shampla, an bhfuil an carthanais in ann faireachán leordhóthanach a dhéanamh orthu?

## 4.2 Cé na bearta ba cheart do charthanais a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis an riosca go n-úsáidfear é chun críocha sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta?

Tríd is tríd, is ag brath ar a mheasúnú riosca féin a bheidh na bearta ba cheart do charthanais a dhéanamh chun rioscaí sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac. Ba cheart do gach carthanais na nithe seo a leanas a dhéanamh ar a laghad, áfach:

- > taifid chuí airgeadais a choimeád ar na cistí uile a fhaightear agus a úsáidtear agus rianta iniúchta a choimeád ar na cinntí a dhéantar; agus

1. Is é is cuideachta chaoch ann ná cuideachta chorpraithe nach sealbhaíonn aon sócmhainní suntasacha agus nach ndéanann aon oibríochtaí suntasacha.

2. Is féidir leat nasc a fháil [anseo](#) chuig liosta de na tíortha atá i Rialachán Tarmilgthe 2016/1675 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016.

- > bearta réasúnacha a dhéanamh chun a chinntiú gurb eol don charthanais, i dtéarmaí ginearálta ar a laghad, cé na tairbhíthe atá aige; seiceálacha cuí a dhéanamh i gcásanna ardriosca; agus critéir shoiléire a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus tairbhíthe á roghnú.

Ag brath ar phróifíl riosca aonair an charthanais, d'fhéadfadh go gcinneadh sé bearta breise a dhéanamh, lena n-áireofaí dícheall cuí a dhéanamh ar na daoine seo a leanas:

- > **sintiúsóirí atá ag tabhairt sintiúis mhóra** – mar shampla, má fhaigheann carthanais sintiús mór ó shintiúsóir a chónaíonn thar lear agus nach bhfuil aon bhaint fhollasach aige/aici leis an gcarthanais, ba cheart don charthanais smaoineamh faoi bhearta a dhéanamh chun aitheantas an tsintiúsóra a fhíorú. Má fhaigheann sé sintiús mór ó shintiúsóir ar eagraíocht é, ba cheart don charthanais eolas a bheith aige ar an gcineál gnó a sheolann an eagraíocht agus a chinntiú go bhfuil sé cuí baint a bheith aige leis an eagraíocht sin;
- > **tríú páirtithe a mbaineann an carthanais úsáid astu le linn dó a chuid gníomhaíochtaí a chur i gcrích** – beidh tábhacht ar leith ag baint leis sin i gcás go gcuirfidh an carthanais gníomhaíochtaí i gcrích i dtríú tiortha<sup>3</sup>, go háirithe tiortha ina bhfuil coinbhleacht i réim nó arb eol gur tiortha ardriosca iad ó thaobh sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta de.

**Tabhair faoi deara:** D'fhoilsigh an Rialálaí Carthanais Treoirínte ar leith do Charthanais maidir le Rialuithe Inmheánacha Airgeadais (atá ar fáil [anseo](#)). Tugtar sna Treoirínte sin treoir phraiticiúil maidir leis na príomhréimsí rialaithe airgeadais do charthanais, is iad sin: ioncam; caiteachas; baincéireacht (lena n-áirítear iocaíochtaí agus iasachtaí); sócmhainní agus infheistíochtaí; agus socruithe faireacháin. Áirítear iontu roinnt seicliostaí is féidir le carthanais a úsáid chun a chinntiú go mbeidh na rialuithe cuí i bhfeidhm acu. Táthar ag súil leis go leanfaidh carthanais an deachleachtas atá leagtha amach sna Treoirínte sin.

## 4.3 Cad ba cheart do charthanais a dhéanamh i gcás go mbeidh drochamhras air go bhfuil sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta ar siúl?

- > Ba cheart do charthanais diúltú do ghabháil d'idirbhearta nó do dhul i dteagmháil le daoine i gcás go mbeidh drochamhras air go bhfuil baint ag na hidirbhearta nó na daoine sin le sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta.
- > Ba cheart do charthanais a bheith ar an eolas freisin go gceanglaítear air faisnéis a nochtadh don Gharda Síochána i gcás go gcreidfidh sé go bhféadfadh an fhaisnéis sin a bheith ina cúnaimh ábhartha:
  - (a) maidir le cosc a chur ar chion sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a dhéanamh, nó
  - (b) maidir le gabháil, ionchúiseamh nó ciontú aon duine eile mar gheall ar chion sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a áirithiú.

Rud sonrach, beidh duine ciontach i gcion faoi alt 19 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2011, i gcás go mainneoidh sé/sí, gan leithscéal réasúnach, an fhaisnéis sin a nochtadh do chomhalta den Gharda Síochána a luaithe is indéanta déanamh amhlaidh.

3. Is féidir leat nasc a fháil [anseo](#) chuig liosta de na tiortha atá i Rialachán Tarmilgthe 2016/1675 ón gCoimisiún an 14 Lúil 2016.

## 5

# Cé na táscairí ar Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta?

## 5.1 Cé na cineálacha idirbheart a d'fhéadfadh a thabhairt le fios go bhfuil sciúradh airgid ar siúl?

Ag brath ar phróifíl riosca aonair an charthanais, áirítear iad seo a leanas leis na cineálacha idirbheart a d'fhéadfadh a thabhairt le fios go bhfuil sciúradh airgid ar siúl:

- > déanann sintiúsóir ranníocaíocht mhór nach cosúil go bhfuil sí i gcomhréir leis an gcúlra nó leis an ioncam is eol a bheith ag an sintiúsóir;
- > faightear sintiúis neamhghnácha nó shubstantiúla aonuaire nó sraith sintiús beag nó iasachtaí atá saor ó ús ó fhoinsí nach féidir leis an gcarthanais iad a shainathint nó a sheiceáil;
- > is cosúil gur chistigh duine seachas an sintiúsóir an sintiús (e.g. déantar sintiús le seic a bhaineann le cuntas atá in ainm duine nach ionann é/i agus an sintiúsóir);
- > tá coinníollacha ag gabháil le sintiús, ar coinníollacha iad a fhágann go bhfuil an carthanais á úsáid mar mheán le haghaidh cistí a aistriú ó dhuine aonair nó eagraíocht amháin chuig duine aonair nó eagraíocht eile, gan na hiontaobhaithe a bheith in ann a fhiorú go bhfuil úsáid chuí á baint as an sintiús;
- > faightear sintiúis chorparáideacha ó chuntas pearsanta;
- > tá an tairbhí ina chuideachta nó ina iontaobhas agus nil sé ag iarraidh faisnéis bhreise a thabhairt faoina úinéirí tairbhiúla nó faoina bhuntairbhithe de bhun iarraidh ar fhaisnéis den sórt sin a fháil;

- > ní ionann earraí nó seirbhísí a cheannaíonn an carthanais agus riachtanais oibríochtúla nó gníomhaíochtaí luaite an charthanais;
- > íoctar as earraí nó seirbhísí le seiceanna a bhaineann le cuntas nach leis an gcarthanais é; nó
- > tá sintiús ag brath ar dhaoine aonair nó eagraíochtaí ar leith a bheith á n-úsáid chun obair a dhéanamh don charthanais, i gcás go bhfuil ábhair imní ag an gcarthanais faoi na daoine aonair nó na heagraíochtaí sin.

## 5.2 Cé na cineálacha idirbheart a d'fhéadfadh a thabhairt le fios go bhfuil maoiniú sceimhlitheoireachta ar siúl?

Áirítear iad seo a leanas leis na cineálacha idirbheart a d'fhéadfadh a thabhairt le fios go bhfuil maoiniú sceimhlitheoireachta ar siúl:

- > déantar idirbhearta airgeadais nach cosúil go bhfuil aon chuspóir loighciúil leo nó nach cosúil go bhfuil aon bhaint acu le gníomhaíocht luaite an charthanais;
- > socraítear líon mór aistrithe cistí ina méideanna beaga thar ceann sintiúsóirí nó tairbhithe, i gcás gur cosúil go bhfuil sé sin á dhéanamh chun dul timpeall ar cheanglais sainaitheanta nó tuairiscithe nó ar cheanglais a bhaineann le hidirbhearta malairte eachtraí;
- > déantar aistrithe cistí chuig láithreacha nach bhfuil aon bhaint fhollasach acu le gníomhaíochtaí an charthanais;

- > úsáidtear roinnt cuntas chun cisti a bhailiú agus a dháileadh ar líon beag tairbhithe, go háirithe tairbhithe i limistéir ardriosca, nó déantar idirbhearta in airgeadra eachtrach, a aistrítear chuig limistéir ardriosca laistigh de thréimhse ama ghearr ina dhiaidh sin;
- > tá sintiús ag brath ar dhaoine aonair nó eagraíochtaí ar leith a bheith á n-úsáid chun obair a dhéanamh don charthanas, i gcás go bhfuil ábhair imní ag an gcartanas faoi na daoine aonair nó na heagraíochtaí sin.

## 6

## An gá do charthanas aon rud eile a dhéanamh d'fhonn sciúradh airgid agus/nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac?

Ní mór d'aon charthanas atá corpraithe mar chuideachta in Éirinn faisnéis chruinn, leordhóthanach agus reatha a fháil faoina úinéireacht thairbhiúil agus an fhaisnéis sin a choinneáil i 'gclár um úinéireacht thairbhiúil'. Ní mór d'eagraíocht charthanúil chorpraithe faisnéis faoina húinéireacht thairbhiúil a chomhdú leis an gClár Lárnach um Úinéireacht Thairbhiúil atá á riar ag an Oifig um Chlárú Cuideachtaí freisin. Is é is 'úinéir tairbhiúil' ar eagraíocht charthanúil chorpraithe ann ná duine nádúrtha ar leis/léi níos mó ná 25% de chearta vótála an charthanas nó a rialaíonn go díreach nó go hindíreach níos mó ná 25% de chearta vótála an charthanas nó a rialaíonn an charthanas trí mhodhanna eile.

Sampla de rialú trí mhodhanna eile is ea cásanna ina bhfeidhmíonn duine rialú nó tionchar suntasach ar an gcarthanas (mar shampla, trí thionchar ceannasach a fheidhmiú nó trí leas a bhaint as an gcumhacht chun ardbhainisteoirí a cheapadh), cé nach sealbhaíonn sé/sí níos mó ná 25% de chearta vótála an charthanas.

Más rud é nach féidir leis an eagraíocht charthanúil chorpraithe duine aonair ar úinéir tairbhiúil é/i a shainaithint nó go bhfuil aon amhras ann maidir le cé acu atá nó nach bhfuil duine aonair ina (h)úinéir tairbhiúil ar an gcarthanas, ní mór don eagraíocht charthanúil chorpraithe a 'hardoifigigh bhainistíochta' (i.e. a hiontaobhaithe/a stiúrtóirí agus a príomhoifigeach feidhmiúcháin) a liostú mar úinéirí tairbhiúla ina Clár. Tá carthanas atá bunaithe mar iontaobhas sainráite faoi réir oibleagáidí den chineál céanna.

Rud sonrach, i gcás go bhfuil cónaí ar iontaobhaí de chuid iontaobhais shainráite in Éirinn nó go riartar an t-iontaobhas sainráite in Éirinn ar shlí eile, ní mór don iontaobhaí faisnéis a bhailiú faoi úinéirí tairbhiúla an iontaobhais agus clár um úinéireacht thairbhiúil a bhunú. Cuirfear an fhaisnéis sin isteach ar deireadh sa chlár lárnach um úinéireacht thairbhiúil iontaobhas. Níl an clár lárnach sin i bhfeidhm go fóill, áfach. Is é is úinéir tairbhiúil ar iontaobhas sainráite ann ná gach duine nádúrtha, nó aon duine nádúrtha, a thagann faoi cheann amháin de na catagóirí seo a leanas:

- > socraitheoir an iontaobhais, i.e. duine a chruthaigh an t-iontaobhas;
- > iontaobhaí an iontaobhais, i.e. duine a ceapadh chun sócmhainní an iontaobhais a bhainistiú chun tairbhe dá chuid tairbhithe;
- > cosantóir an iontaobhais, i.e. duine a ceapadh chun na hiontaobhaithe a stiúradh nó a shrianadh i ndáil leis an iontaobhas a riar;
- > tairbhí faoin iontaobhas (nó an aicme tairbhithe faoin iontaobhas, i gcás nár cinneadh go fóill na daoine aonair a bhaineann tairbhe as an iontaobhas);
- > duine a fheidhmíonn rialú deiridh ar an iontaobhas trí úinéireacht dhíreach nó indíreach nó trí mhodhanna eile.

## 7

## Cén áit ar féidir liom teacht ar thuilleadh faisnéise do charthanais maidir le rioscaí sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta?

**Tugtar sna foilseacháin seo a leanas tuilleadh faisnéise do charthanais maidir le rioscaí sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta:**

- [Dea-chleachtais maidir le Mí-úsáid Eagraíochtaí Neamhbhrabúsacha a Chomhrac \(an Tascfhórsa um Gníomhaíocht Airgeadais\) \(Béarla\);](#)
- [An Riosca Mí-úsáide Eagraíochtaí Neamhbhrabúsacha ag Sceimhlitheoirí \(an Tascfhórsa um Gníomhaíocht Airgeadais\) \(Béarla\);](#)
- [Measúnú Riosca Náisiúnta d'Éirinn – Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta \(an Roinn Airgeadais\) \(Béarla\);](#)
- [Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an measúnú ar an riosca sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a dhéanann difear don mhargadh inmheánach agus a bhaineann le gníomhaíochtaí trasteorann \(Béarla\).](#)